Rewarding Learning

Scilidín

Leabhar Oibre

Ainm: _____

Rang: _____

A Freagair na ceisteanna seo:

1. Cá mhéad ar fad a bhí i gclann Bhilí Tremayne?

2. Cén tír ina raibh cónaí ar Bhilí? Faigh san atlas í. Déan cur síos ar an áit a raibh cónaí ar chlann Bhilí.

3. Cad é an rún a bhí ag na leipreacháin?

4. Cad é a deireadh Bilí lena pháistí?

5. Cad chuige i do bharúil ar chaith Bilí Tremayne cufaí leathair agus é ag dul amach a bhaint an aitinn?

6. Cad é a bhí Bilí a dhéanamh nuair a chonaic sé an leipreachán?

B Aimsigh ciall na bhfocal seo san fhoclóir:

1. aiteann
2. fraoch
3. de shíor
4. carraigeacha
5. cufa
6. bileog
7. cruach
8. scioból
9. dos
10 clúid

Scríobh abairt le gach focal thuas.

aiteann

fraoch

de shíor

carraigeacha

cufa

bileog

cruach

scioból

dos

clúid



C **Tarraing pictiúr de Bhilí Tremayne agus a chlann. Smaoinigh ar na héadaí a chuirfeá orthu.**



A Úsáid an focal ceart.

próca	póca	rópa
nócha	ósta	cóta

1. D'inis máthair Bhilí Tremayne dó go raibh _____ óir amuigh ar an chnoc.
2. Is féidir le daoine stopadh i dteach _____ ar laethanta saoire.
3. Seo focal eile ar naoi ndeich. _____
4. Is féidir luascán a dhéanamh le _____.
5. Tá seo iontach úsáideach le d'airgead a choinneáil ann. _____
6. Cuireann tú ort é nuair a bhíonn aimsir fhuar ann. _____

B Líon na bearnaí le "ín"

1. cip____	2. isp____	3. sic____
4. rib____	5. sil____	6. Scilid____

An dtig leat cur leis an liosta seo?

_____ _____ _____ _____

Scríobh abairt le gach focal thuas.

Cipín

Ispín

Sicín

Ribín

Silín

Scilidín



A Bain úsáid as na frásaí seo a leanas le habairtí a scríobh:

1. Ainneoin a dhíchill

2. An méid a bhí ina chnámha

3. leac an teallaigh

4. tuilleadh agus a sáith iontais orthu

5. tóin thar ceann

6. méid a gháirí

B Líon na bearnaí sa tsliocht seo a leanas:

Níor mhian le Bilí Tremayne go bhfeiceadh a chairde an _____.

“Seo daoibh _____ bia,” ar seisean leis na páistí.

“Tugaigí an _____ isteach sa _____, agus ná _____ na páistí agus an _____ amach trí _____ sa doras.

Chonaic siad na _____ ag filleadh faoi ualach de bhurlaí aitinn agus chonaic siad Bilí Tremayne agus a _____ ag déanamh _____ aitinn.

Nuair a bhí an _____ aitinn déanta acu chuaigh na fir isteach sa teach don dinnéar.

A Freagair na ceisteanna seo:

1. Cad é mar a thug Bilí an leipreachán chun an bhaile?

2. Bhí greim daingean ag Bilí Tremayne ar an leipreachán. Cad é mar a mhothaigh an leipreachán i do bharúil?

3. Cad é an margadh a rinne an leipreachán le Bilí?

4. Thug clann Bhilí roinnt bia don leipreachán.
Déan liosta den bhia seo.

5. Scríobh paragraf ar an tréimhse a chaith an leipreachán tigh Bhilí.

6. Cad chuige a raibh na páistí sa scioból?



B **Dear clúdach don leabhar agus scríobh athchoimriú gairid den scéal a chuirfeá ag cúl an leabhair.**

B Ag deireadh an scéil d'éalaigh an leipreachán gan inse do na páistí cá raibh an próca óir.

Cum deireadh eile don scéal.

A Freagair na ceisteanna seo:

1. "Lig ar ais chuig mo Dhaidí agus mo Mhamaí mé!" arsa an leipreachán le Bilí Tremayne. An síleann tú go raibh sé de cheart ag Bilí an leipreachán a choinneáil? Cad chuige?

2. Cén fáth nár mhaith le Bilí a chairde Scilidín a fheiceáil?

3. Cad é mar a mhothaigh Mamaí agus Daidí an leipreacháin nuair a bhí siad ag cuardach gach clúid agus cúinne i do bharúil?

4. Dá mbeifeá féin caillte nó ar seachrán cé a thiocfadh ar do lorg?

5. An clann chineálta clann Bhilí i do bharúil?

B Cuir na frásaí seo a leanas in abairtí:

1. ag déanamh na bhfolachán

2. leac na fuinneoige

3. ag cuardach gach clúid agus cúinne

4. láithreach bonn

5. i bhfaiteadh na súl

6. d'imigh as radharc



Thug clann Bhilí bia don leipreachán.

Tarraing na trí rud a thug siad dó.
Abair cad é tharla nuair a d'ith an leipreachán an bia sin.

Pictiúr	Scríobh
Pictiúr	Scríobh
Pictiúr	Scríobh

Ní hionann an caitheamh aimsire a bhí ag páistí Bhilí Tremayne agus an caitheamh aimsire s'agatsa.

Scríobh faoin difear eatarthu.

Mé féin	Mo chaitheamh aimsire
Páistí Bhilí	**An caitheamh aimsire s'acu**



Scríobh mórphointí an scéil sna boscaí.

Léirmheas ar an leabhar seo.



Bí ag obair le do chara.
Cuir le chéile tacar pictiúr a insíonn an scéal.
Ullmhaigh athchoimriú an scéil le go dtig libh á inse don rang.

Focail a Chuardach.

Aimsigh na focail seo:

aiteann
fraoch
próca
bileog
mias
buataisí
cruach
scioból
clúid
cúinne

d	s	a	y	r	e	w	q	i	o	l	b
v	c	n	a	i	t	e	a	n	n	w	i
f	m	n	z	v	c	x	f	s	e	u	l
r	b	t	p	r	ó	c	a	b	a	i	e
a	j	k	w	e	r	d	w	b	h	e	o
o	b	b	u	a	t	a	i	s	í	w	g
c	f	w	q	t	e	g	d	s	j	k	n
h	l	c	l	ú	i	d	e	r	h	f	b
m	n	g	r	c	ú	i	n	n	e	j	f
m	i	a	s	w	n	k	j	e	r	t	y
y	w	a	m	s	c	i	o	b	ó	l	w
c	r	s	c	r	u	a	c	h	n	s	a

Crosfhocal

Leideanna

Síos

1. Chuir Bilí Tremayne ar leac an teallaigh é. [8]
2. Bhí sé i bhfolach ar an chnoc. [2]
3. Ainm an leipreacháin. [8]
4. _____ na fuinneoige nó _____ an teallaigh. [4]
6. Choimhéad na páistí agus an leipreachán amach trí _____ sa doras. [6]
7. Thomhais siad an t-ainm seo. [7]
10. Bhí an cnoc clúdaithe leis. [6]
12. D'fhan na páistí ann nuair a bhí cairde Bhilí ag cuidiú leis. [7]
14. An áit i Sasana ina raibh cónaí ar Bhilí. [4]
15. Gléas ceoil a bhí ag Bilí. [3]
16. Rith na páistí idir na _____ aitinn. [4]



Trasna

5. Rinneadh seo den aiteann. [6]
8. Chuardaigh tuismitheoirí an leipreacháin gach _____. [6]
9. Chuir Bilí an leipreachán isteach sa _____ aitinn. [4]
11. Bhí an cnoc clúdaithe leis. [7]
13. Chuaigh an leipreachán ag _____ ar dhroim an chait. [10]
15. Bhí an t-ór i bhfolach ann. _____ [5]
17. Bhí _____ ag Bilí leis an aiteann a bhaint. [6]
18. Tugadh _____ don leipreachán. [3]
19. Fuair an leipreachán spúnóg de. [3]

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning